

Tréimhsí feithimh san árachas sláinte





An tÚdarás Árachais Sláinte
The Health Insurance Authority

Cé muid féin

Is éard atá san Údarás Árachais Sláinte ná comhlacht Stáit a rialaíonn an margadh árachais sláinte príobháideach in Éirinn. Soláthraímid eolas faoi árachas sláinte atá saor in aisce agus neamhchlaonta.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le haghaidh eolais faoi árachas sláinte agus chun comparáid a dhéanamh idir polasaithe árachais sláinte trí úsáid a bhaint as ár n-uirlis chomparáide saor in aisce.

www.hia.ie

Clár ábhar

Tréimhsí feithimh san árachas sláinte	2
Uastréimhsí feithimh má tá tú ag uasghrádú.....	3
Táim ag ceannach árachas sláinte den chéad uair nó tar éis briseadh de níos mó ná 13 seachtain.....	4
Uastréimhsí feithimh má tá tú ag ceannach árachas sláinte den chéad uair.....	4
Samplaí.....	5
Ceisteanna coitianta.....	7

Tréimhsí feithimh san árachas sláinte

Nuair a cheannaíonn tú plean árachais sláinte, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh tú clúdaithe go hiomlán láithreach. B'fhéidir go mbeidh ort tréimhse ama seasta a chur isteach sula mbeidh clúdach agat le haghaidh rudaí áirithe. Tugtar tréimhse feithimh air seo. Cuirtear i bhfeidhm í sna cásanna seo a leanas:

- Tá tú ag uasghrádú go dtí plean árachais sláinte a bhfuil clúdach níos airde aige ná mar atá ag do phlean reatha. Mar shampla, tá clúdach cairdiach níos fearr ag do phlean nua.
- Tá tú ag ceannach árachais sláinte den chéad uair nó tá níos mó ná 13 seachtain imithe thart ó bhí árachas sláinte agat den uair dheireanach.

Táim ag uasghrádú go dtí plean le clúdach níos airde

Baineann na tréimhsí feithimh le gach buntáiste faoi leith agus ní leis an bplean ina iomláine. Ní bheidh aon tréimhse feithimh agat do bhuntáistí atá **mar an gcéanna leis an seanphlean**. Mar shampla, má tá an leibhéal céanna de chlúdach máithreachais ag do phlean nua, ní bheidh ort tréimhse feithimh a chur isteach do chlúdach máithreachais.

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh tréimhsí feithimh agat do bhuntáistí atá **níos airde ná do sheanphlean**. Le linn na tréimhse feithimh, beidh an leibhéal clúdach agat is a bhí agat ar an seanphlean. Mar shampla, más amhlaidh go raibh 60% clúdach agat le haghaidh athchur alt, agus clúdaíonn an plean nua 80%, beidh clúdach 60% agat le haghaidh dhá bhliain agus ina dhiaidh sin beidh 80% clúdach agat.

Uastréimhsí feithimh má tá tú ag uasghrádú

Aon bhuntáiste níos airde	2 bhliain
Buntáistí máithreachais	52 seachtain

Chomh luath is a bhfuil na tréimhsí feithimh críochnaithe, ní bheidh ort iad a chur isteach arís ach amháin má tharlaíonn **briseadh sa chlúdach a sháraíonn 13 seachtain**.

Do thréimhsí feithimh a laghdú

Ní i gcónaí a chuireann comhlachtaí árachais na huastréimhsí feithimh i bhfeidhm. Uaireanta laghdaíonn siad nó tarscaoileann siad na tréimhsí feithimh. Nuair atá pleán á cheannach agat, cuir ceist an féidir leo an tréimhse feithimh a laghdú duit.



Táim ag ceannach árachais sláinte den chéad uair nó tar éis briseadh de níos mó ná 13 seachtain.

Seans nach mbeidh clúdach iomlán agat go dtí go mbeidh do thréimhse feithimh thart. I gcás timpiste nó gortuithe, **níl aon tréimhse feithimh i gceist don chúram éigeandála.**

Uastréimhsí feithimh má tá tú ag ceannach árachais sláinte den chéad uair

Timpiste agus gortuithe	Ceann ar bith
Breiteacht a thosaíonn i ndiaidh duit árachas sláinte a cheannach	26 seachtain
Riocht sláinte a bhí ann cheana féin	5 bliana
Buntáistí máithreachais	52 seachtain

Nuair a bheidh na tréimhsí feithimh seo curtha isteach agat, ní bheidh ort iad a chur isteach arís – fad is nach mbeidh **briseadh agat i do chlúdach níos faide ná 13 seachtain.**

Má athraíonn tú an comhlacht árachais nó an plean laistigh den tréimhse feithimh, ní bheidh ort na tréimhsí feithimh a chur isteach arís. Cuirfear san áireamh an méid ama atá curtha isteach leis an gcéad árachóir agus críochnóidh tú an tréimhse feithimh leis an árachóir nua. Mar shampla, má tá tréimhse feithimh agat do riocht sláinte atá agat cheana féine agus tá dhá bhliain curtha isteach agat, beidh trí bliana fágtha den tréimhse feithimh má athraíonn tú an comhlacht nó an plean.

Ní chuireann na hárachóirí na huastréimhsí feithimh i bhfeidhm i gcónaí. Uaireanta déanann siad na tréimhsí a **laghdú** nó a **tharscaoileadh**. Nuair atá plean á cheannach agat, iarr ar an gcomhlacht árachais an féidir leo an tréimhse feithimh a laghdú.

Riochtaí a bhí ann cheana

Tinneas nó breoiteacht arbh ann do na **comharthaí nó na siomptóim** tráth ar bith sa tréimhse **sé mhí** sular cheannaigh tú an plean árachais sláinte. Téigh go dtí lch 6 chun tuilleadh a fháil amach.

Samplaí

Árachas sláinte a cheannach den chéad uair nuair a bhí riocht sláinte agat roimhe seo

Cheannaigh John árachas sláinte anuraidh den chéad uair. Bhí ailse air ocht mbliana ó shin, ach fuair sé cóireáil agus tá sláinte mhaith aige ó shin i leith. Trí mhí ó shin, thosaigh siomptóim atá cosúil leis na cinn a bhí aige nuair a bhí ailse air ocht mbliana ó shin, agus ar an drochuair, léirigh na tástálacha go raibh an ailse tar éis teacht ar ais.

Cé go raibh an galar céanna ag John is a bhí blianta ó shin, ní mheastar gur riocht a bhí ann cheana atá i gceist mar ní raibh comharthaí ná siomptóim aige sna sé mhí sular thóg sé an t-árachas amach. Mar sin, ní gá dó tréimhse feithimh a chur isteach maidir leis an ailse atá air.

Áistriú chuig plean níos saoire leis an leibhéal clúdaigh céanna

Bhí Marie leis an gcomhlacht árachais céanna leis na blianta, ach tar éis di an margadh is fearr a chuardach, fuair sí plean a raibh na buntáistí céanna ag gabháil leis, le comhlacht árachais eile ar phragas níos ísle. Nuair a d'aistrigh sí, ní raibh uirthi aon tréimhse feithimh a chur isteach mar bhí an leibhéal céanna clúdaigh ag an dá phlean.

An clúdach a uasghrádú nuair atá riocht sláinte agat cheana féin

Tá árachas sláinte ag Patrick le cúig bliana anuas. Diagnósíodh go raibh diaibéiteas aige dhá bhliain ó shin. Bheartaigh sé an clúdach a aistriú chuig plean le clúdach níos airde mar tá níos mó cúraim leighis ag teastáil uaidh anois.

Sa seanphlean a bhí aige, bhí barrachas othar cónaitheacha €300 aige agus sa phlean nua tá barrachas othar cónaitheach €100 aige. Ciallaíonn sé sin go bhfuil clúdach níos airde ag a phlean nua mar tá níos lú airgid le híoc ag Patrick as a phóca féin má thógtar isteach san ospidéal é.

Toisc go raibh comharthaí agus siomptóim den diaibéiteas á léiriú ag Patrick sna sé mhí sular aistrigh sé an plean, meastar gur riocht é a bhí ann cheana. Ciallaíonn sé seo go bhfuil tréimhse feithimh dhá bhliain le cur isteach aige chun cóireáil uasghrádaithe mar othar cónaitheach a fháil. Mar sin féin, beidh an seanleibhéal céanna aige ar feadh an dá bhliain sin. Má thógtar isteach san ospidéal é de bharr an diaibéitis, beidh barrachas €300 le híoc aige ar feadh dhá bhliain agus ina dhiaidh sin beidh €100 le híoc aige nuair a bheidh an tréimhse feithimh críochnaithe.



Barrachas othar cónaitheach

Is éard is barrachas othar cónaitheach ann ná an méid a íocann tú as do phóca féin le haghaidh éilimh ospidéal. Mar shampla, má chosnaíonn do chóireáil nó do ghnáthamh leighis €800 agus is é €50 an barrachas atá agat, beidh ort €50 a íoc go díreach leis an ospidéal.

Plean corparáideach a aistriú go dtí plean aonair

Bhí árachas sláinte ag Alex tríd a bhfostaitheoir ar feadh sé mbliana. Nuair a d'athraigh siad a bpost, chaill siad an clúdach árachais a bhí acu tríd an bhfostaitheoir agus bheartaigh siad a bplean féin a cheannach. Ós rud é go bhfuil an leibhéal céanna clúdaigh ag an bplean nua agus go raibh clúdach ag Alex ar feadh sé bliana tríd an bhfostaitheoir, níl aon tréimhse feithimh i gceist leis an bplean nua.

Ceisteanna coitianta

Cad is riocht sláinte atá ann cheana?

Is é an sainmhíniú atá ar riocht sláinte atá ann cheana ná: “tinneas, riocht nó breoiteacht arbh ann, ar bhonn comhairle liachta, do na comharthaí nó na siomptóim a bhaineann leis nó léi tráth ar bith sa tréimhse sé mhí roimh dháta tosaithe an pholasaí”.

Fiú mura bhfuair tú diagnóis fhoirmiúil, má bhí siomptóim breoiteachta nó reachta agat sna sé mhí sular cheannaigh tú árachas sláinte, d'fhéadfaí a mheas gur riocht sláinte a bhí ann cheana atá i gceist.



An féidir liom mo thréimhsí feithimh a laghdú?

Ní i gcónaí a chuireann comhlachtaí árachais na huastréimhsí feithimh i bhfeidhm. Uaireanta laghdaíonn siad nó tarscaoileann siad na tréimhsí feithimh. Nuair atá pleán á cheannach agat, cuir ceist an féidir leo an tréimhse feithimh a laghdú duit.

Cé a shocraíonn gur riocht sláinte a bhí ann cheana atá i gceist leis an mbreiteacht atá agam?

Is gairmithe leighis a dhéanann an cinneadh maidir le riochtaí sláinte a bhí ann cheana.

An gá le naíonáin nuabheirthe tréimhsí feithimh a chur isteach?

Má chuirtear leanaí agus naíonáin ar pholasaí laistigh de 13 seachtain **ón dáta ar a rugadh iad nó ar a uchtáladh iad**, ní bheidh aon tréimhsí feithimh i gceist dóibh.

Chuir mé mo phlean árachais sláinte ar ceal mar bhog mé thar lear. An mbeidh orm tréimhsí feithimh a chur isteach nuair a fhillfidh mé ar Éirinn?

Beidh. Má bhí briseadh agat i do chlúdach a bhí níos faide ná 13 seachtain, d'fhéadfadh sé go mbeidh tréimhsí feithimh le cur isteach agat. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh an t-árachóir a bheith sásta tréimhsí feithimh a tharscaoileadh. Déan teagmháil dhíreach le do chomhlacht árachais chun tuilleadh a fháil amach.

Is éard atá san Údarás Árachais Sláinte ná an comhlacht Stáit a rialaíonn an margadh árachais sláinte príobháideach in Éirinn. Féach www.hia.ie le haghaidh tuilleadh eolais neamhchlaonta faoin árachas sláinte agus conas úsáid a bhaint as ár n-uirlis chomparáide saor in aisce.

Ríomhphost: info@hia.ie

Fón: (01) 406 0080





An tÚdarás Árachais Sláinte
The Health Insurance Authority

An tÚdarás Árachais Sláinte
Teach Lána Beaux
Sráid Mercer Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 DH60

www.hia.ie
info@hia.ie
(01) 406 0080